***Lá Esperanto 2026: forbairt inbhuanaithe agus saorálaíocht***

An 26 Iúil, ceiliúraimid Lá Esperanto, cothrom an lae a tionscnaíodh an Teanga Idirnáisiúnta Esperanto 139 mbliana ó shin. Rugadh Esperanto le sprioc shimplí ach thar a bheith ábhartha: daoine a thabhairt níos gaire dá chéile trí chumarsáid ar bhonn an chothramais. Sa bhreis ar theanga phleanáilte, is ionann í agus gluaiseacht idirnáisiúnta a fhaigheann tacaíocht ó shaorálaíocht, ó chomhoibriú agus ó mheas idir cultúir.

Tá an tsaorálaíocht ar cheann de cholúin eagraíochtaí Esperanto ar fud an domhain, fara meas ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus faoi láthair, iarracht chun cur le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA. Tacaíonn obair na n-eagras seo le líonraí idirnáisiúnta dlúthpháirtíochta, cuimsithe, comhair, a laghdaíonn míchothroime is a neartaíonn comhpháirtíochtaí domhanda.

Mar shampla, cuireann múineadh deonach Esperanto chun bacainní teanga a laghdú agus rochtain ar fhoghlaim a leathnú, le Sprioc 4 faoin oideachas. Mar an gcéanna, comhoibrímid le Sprioc 16 (Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre) trí thacú le plé idirchultúrtha atá bunaithe ar chothroime measc daoine agus daoine a nascadh gan impiriúlachas teanga, chun cultúr síochána a thógáil.

Ní hamháin ar bheartais phoiblí a bhraitheann domhan níos fearr, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a thógáil do chách, ach freisin ar rannpháirtíocht dheonach na saoránach a chinneann oibriú le chéile ar son an leasa choitinn. Trí shaorálaícht, oideachas agus plé idirchultúrtha a aontú, leanann Esperanto uirthi ag léiriú gur iarracht chomhchoiteann í an tógáil seo. Mar a dúirt Uachtarán reatha Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Annalena Baerbock, “ le chéile is fearr sinn".

Tugaimid cuireadh don phobal idirnáisiúnta ar fad taithí a fháil linn ar úsáid Esperanto mar uirlis chun comhoibriú a thógáil atá bunaithe ar Chothrom na Féinne do chách le meas ar dhifríochtaí. Buailfimid le chéile i nGraz na hOstaire, ón 1 go dtí an 8 Lúnasa, ag an 111ú Comhdháil Domhanda Esperanto.